



## Sneachta in Éirinn



Aidan Murphy

**MET ÉIREANN, CNOC GHLAS NAÍON, BAILE ÁTHA CLIATH 9**

**SAMHAIN 2012**

## Sneachta in Éirinn

Is minic nach mbíonn aon mhórstoirmeacha sneachta ann i rith an Gheimhridh in Éirinn, ach sa mhéid nach dtarlaíonn sé go minic, cuireann sneachta trom isteach go mór ar an saol sa tír. Is féidir leis cur isteach go hiomlán ar thrácht, uaireanta dúntar aerfoirt agus déantar damáiste tromchúiseach do línte cumhachta lasnairde agus do línte cumarsáide.

Is i mí Eanáir agus mí Feabhra is minice a thiteann sneachta ach féadtar sneachta a bheith ann in aon cheann de na míonna ó Shamhain go dtí Aibreán. Thit sneachta corruair i mí Bealtaine agus mí Mheán Fómhair. I roinnt de na cásanna sin bhí an sneachta trom ach leáigh sé go gasta. Tríd is tríd, i gcás go dtiteann sneachta in Éirinn ní mhaireann sé ar an talamh ach ar feadh lá nó dhó. I gcás an tsneachta mhóir a thit le blianta beaga anuas, bhí sé fanta ar an talamh do thréimhsí idir 10 agus 12 lá. Téann an líon laethanta de shneachta ar an talamh i méid de réir mar a théitear ó thuaidh trí Lár na Tíre, agus tá seo ag teacht leis an laghdú i dteochtaí aer gheimhridh. Le linn an gheimhridh bíonn teochtaí na farraige níos airde ná teochtaí ar talamh agus mar thoradh air seo bíonn báisteach feadh an chósta ach titeann sneachta cúpla míle intíre. Féadfaidh ceathanna báistí bheith ina gceathanna sneachta ar thalamh níos airde mar go laghdaíonn teocht le hairde. Bíonn an líon laethanta le clúdach sneachta an-éagsúil ó bhliain go bliain.

Glacadh taifid chórasacha de dhoimhneacht sneachta ag stáisiúin shionoptacha in Éirinn ón mbliain 1960 i leith. Bunaithe ar na taifid seo déantar anailís ar na pátrúin de shneachta ar fud na tíre. Bíonn an meánlíon laethanta de shneachta sa raon ó 5 ar imeall an iardheiscirt go 24 i dTuaisceart Lár na Tíre (Aguisín 1). I gcás imeall na limistéar thuaidh agus theas níl ach tuairim is 10% de líon uaireanta an chloig de thitim shuntasach shneachta iontu is atá sna limistéir intíre. I limistéir ar an gcósta, ar an meán, bíonn lá nó dhó den bhliain ina mbíonn doimhneacht de 1cm nó níos mó de shneachta, agus gan aon titim shuntasach shneachta thar roinnt mhaith blianta. I gcás na stáisiún intíre, ar an meán, bíonn suas le 10 lá le doimhneacht 1cm nó níos mó sa bhliain, agus ar na buaiceanna is airde i sléibhte Chill Mhantáin bíonn meán bliantúil de suas le 30 lá i gceist. Tá dóchúlacht ard ann go mbeadh titim ar a laghad 2cm ann i bhformhór na tíre gach dara bliain agus ar a laghad 10cm gach 7 go 18 mbliana i limistéir i lár na tíre, agus i dtuaisceart lár na tíre tuairim is uair gach 6 go seacht mbliana.

An doimhneacht is mó sneachta a taifeadadh ag ár stáisiúin shionoptacha ba ea ag Aeradróm Mhic Easmainn, le linn gheimhreadh na bliana 1962/1963. In Aguisín 2 tá léarscáil a thaispeánann na doimhneachtaí is mó ag 100m os cionn mheánleibhéal na mara le tréimhse fillte de 50 bliain.

Stáisiún	Doimhneacht i mó de Shneachta (cm)	
	1961 to 2011	Dáta
Béal an Mhuirthead	17	24/01/1958
Biorra *	13	10/01/1982
Aeradróm Mhic Easmainn	45	31/12/1962
Clár Clainne Mhuiris	20	27/01/1984
Cluain Eois *	25	15/02/1973
Aerfort Chorcaí	26	20/2/1978
Aerfort Bhaile Átha Cliath	25	12/01/1982
Cill Chainnigh *	18	27/02/1962
Cionn Málana	38	19/01/1958
An Muileann gCearr	15	08/03/1951
Rinn an Róistigh	10	27/02/1962
Ros Láir *	18	18/01/1985

Aerfort na Sionainne	6	11/02/1978
Dairbhre	12	22/01/1958

Stáisiúin dúnta i 2008/2009.

Ceann de na gnéithe is suntasaí faoi shneachta in Éirinn ná an éagsúlacht ó thaobh doimhneachta de ó áit go háit. Féadfaidh roinnt den sneachta trom a thiteann a bheith an-logánta. Is féidir le titim dhomhain sneachta imeacht tar éis tréimhse ghearr má thagann sruth d' aer te isteach ón Atlantach díreach ina dhiaidh. Is féidir le carnadh sneachta an scéal a dhéanamh níos casta ó thaobh thomhas na doimhneachta de. Fiú i dtaobh tíre atá comhréidh, is féidir le carnadh mór tarlú go háirithe cóngarach d' fhoirgnimh nó do sconsaí. Mar sin déantar doimhneacht a thomhas ag pointí a meastar a bheith cuíosach saor ó charnadh. Tá sneachta úr go dtí doimhneacht de 30cm tuairim is ionann le 25mm de bháisteach.

Is minic i gcás sneachta a thiteann ó scamall go leánn sé agus é ag titim agus go sroicheadh an talamh ina bháisteach. Baineann próiseas an leá teas folaigh ón aer, mórthimpeall, ámh agus fuaraíonn seo an t-aer agus ar an gcaoi seo tá sé níos dóchúla go sroichfidh an sneachta an talamh mar shneachta ina dhiaidh sin. Na coinníollacha idéalacha le go dtarlódh sneachta ná teochtaí de neamhní nó díreach faoina bhun, agus ní teochtaí níos fuaire. An chúis leis seo ná go mbíonn níos mó taise i sneachta níos teo, agus mar sin bíonn na caolga sneachta níos mó. Le teochtaí atá cóngarach don neamhní cuidítear le leá agus athreo an tsneachta agus ar an gcaoi seo cruthaítear calóga níos mó. Mar thoradh air seo féadfaidh athruithe beaga sa teocht an difríocht a dhéanamh idir báisteach agus sneachta. Mar sin tá sé an-deacair a bheith an-bheacht faoi réamhaisnéise sneachta in Éirinn.




**Criostail**

#### **Sneachta**

Is féidir le sneachta socrú ar an talamh i bhfoirmeacha éagsúla, ag brath ar an ngaoth, ar an teocht agus ar an mbogthaise. Mar thoradh ar theochtaí aeir atá go maith faoi bhun an reophointe cruthaítear calóga púdacha. I gcás calóga sneachta a fhoirmítear níos cóngaraí don 0°C bíonn siad mór agus níos fliche agus greamaíonn siad den dromchla.

Sa gheimhreadh, is minic go dtiteann sneachta nuair a bhuaileann dhá aermhais a chéile, an t-aer fuar ilchríochach ón tuaisceart nó ón oirthear leis an aer muirí atá cuíosach tais ón deisceart nó ón iarthar. Bíonn áiteanna áirithe in Éirinn níos mó faoi lé sneachta ná áiteanna eile agus bíonn seo bainteach le aermhaiseanna áirithe. Bíonn sneachta san Iarthuaisceart agus san Iarthar níos baintí le haershruth Muirí Polach nó Artach. Tugann na haershruthanna seo leo ceathanna ardmhínicíochta sneachta, de bharr gníomhaíocht chomhiomprach agus éagobhsaíochta thar fharraigí atá cuíosach te. Ó am go chéile titeann sneachta trom faoi choinníollacha frithchíoclóin in aershruth ilchríochach Polach anoir, mar shampla mar a tharla i mí Feabhra na bliana 1947. Faoi na coinníollacha seo bíonn limistéir san Oirthear agus i Lár na Tíre níos mó faoi lé sneachta. Bíonn limistéir san Oirthear agus san Oirthuaisceart i mbaol gaolta neamhchobhsaí anoir aduaidh ag séideadh isteach ón gcósta ó uisce atá cuíosach te i Muir Éireann agus mar thoradh orthu is minic a thiteann sneachta trom, mar a tharla i mí Eanáir na mblianta 1987, 2009 agus 2010.

17FEB1947

**Bodendruck (hPa)**

Daten: NCAR Daily Northern Hemisphere SLP grids  
 (C) Wetterzentrale  
 www.wetterzentrale.de

**Nollaig Bhán:**

Sa lá atá inniu ann, samhlaímid sneachta leis an Nollaig. Ar chártaí, in amhráin agus i radhairc den Nollaig ón tréimhse Victeoiriach, go háirithe in úrscéalta Charles Dickens, bíonn sneachta ag titim um Nollaig. An bunús leis an Nollaig Bhán, meastar, ná an ‘Mhion-oighearaois’ a tharla sa tréimhse 1550-1850.

In Éirinn titeann sneachta níos minice sna míonna ó Nollaig go Márta. Ar fud na tíre, thit sneachta ar 17 lá Nollag, ag ar a laghad ceann amháin dár stáisiúin Shionoptacha, ón mbliain 1961 i leith (1961, 1962, 1964, 1966, 1970, 1980, 1984, 1990, 1993, 1995, 1998, 1999, 2000, 2001, 2004, 2009 agus 2010). Bhí 9 gcinn de laethanta Nollag (1964, 1970, 1980, 1993, 1995, 1999, 2004, 2009 agus 2010) le sneachta ar an talamh ag 09 am ar maidin, le linn na tréimhse sin. An uas-doimhneacht sneachta a taifeadh riamh ar Lá Nollag ná 27cm ag Aeradróm Mhic Easmainn sa bhliain 2010.

Bhí 200 lá ar thit sneachta i mí na Nollag thar thréimhse 70 bliain ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Thit sneachta ar lá Nollag ar 12 lá (1950, 1956, 1962, 1964, 1970, 1984, 1990, 1993, 1995, 1999, 2000 agus 2004) ó tosaíodh ag glacadh taifead sa bhliain 1941. An uas-doimhneacht sneachta a taifeadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar Lá Nollag ná 20cm sa bhliain 2010. Seo an t-aon lá Nollag le sneachta ag luí ar an talamh ag 09am ar maidin ó thosaigh taifid sa bhliain 1941.



Nollaig 2010, Páirc Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath

Samhlaíonn a lán daoine Nollaig Bhán le clúdach iomlán de shneachta ar an talamh. Cibé scéal é, ó am go chéile baineann geallghlacadóirí úsáid as an sainmhíniú ar Nollaig Bhán a deir gur Nollaig Bhán atá ann i gcás go dtiteann calóg amháin sneachta le linn an 24 uair an chloig. An dóchúlacht staitistiúil go dtitfeadh sneachta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ná tuairim is uair gach 5.9 bliain, mar gur thit sneachta ar lá Nollag 12 uair sa 71 bliain atá imithe tharainn. De réir mar a théitear os cionn tuairim is 5 lá titeann cruinneas na réamhaisnéise go dtitfeadh sneachta ar Lá Nollag.

***Bhí Éire nach mór clúdaithe le sneachta agus oighear ar Lá Nollag 2010, ceann de na laethanta is fuaire dar taifeadh riamh.***



Tá a lán tagairt í stairiú la ann de gheimhrí fuara in Éirinn . Deirte ar gur thit sneachta

trom a mhair trí mhí timpeall na bliana 764 A.D., agus i 1433/1434 bhí drochgheimhreadh ann arís in Éirinn. Thit an sneachta ba mhó sa bhliain 1635 (Boate, 1652). Ó dhéanach sa 17ú haois ar aghaidh thá eolas ar fáil i ndialanna aimsire agus i bpáipéir nuachta faoin aimsir. Ón mbliain 1800 ar aghaidh rinneadh breathnóireachtaí meitéareolaíochta go rialta ag áiteanna ar fud na tíre agus d'imigh an líon súíomhanna sin i méid. Thosaigh breathnóireachtaí laethúla ag Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath sa bhliain 1829.

Seo a leanas taifead de na sneachtaí is suntasaí le dhá chéad bliain anuas. Cé go raibh sneachtaí suntasacha eile ann, níl mórán eolais fúthu sna taifid.

### **Stoirmeacha móra sneachta sa 19ú haois:**

- 1807 Ar an 19 agus 20 Samhain, bhí síobadh tubaisteach sneachta ann ar fud na tíre agus fuair a lán daoine bás. Scríosadh dhá long iompair ar chósta an oirthir. Mar thoradh ar an sneachta trom ní raibh fhios ag criú na loinge go raibh siad chomh cóngarach do thalamh. Sna taifid a bhí á gcoinneáil i bPáirc an Fhionnuisce tuairiscíodh go raibh titim throm sneachta ann le linn an gheimhridh agus go bhfuair a lán daoine bás.
- 1831, 1836-8 Sna taifid i bPáirc an Fhionnuisce tuairiscíodh go raibh sneachta trom ann i ngeimhrí na mblianta seo.
- 1853 I stoirm fhíochmhar shneachta an 14 Feabhra, briseadh an long “Queen Victoria” ar charraigeacha Cheann Bhinn Éadair agus fuair 55 duine bás.
- 1855 Bhí Feabhra na bliana seo fuar ag Páirc an Fhionnuisce, agus bhí sneachta ar an talamh ón 7ú lá go dtí an 23ú lá den mhí.
- 1881 Sna taifid i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath tuairiscíodh go raibh stoirmeacha suntasacha sneachta ann i mí Eanáir (O'Reilly, 1981).



- 1886 I dTuaisceart Éireann bhí síobadh mór sneachta ann le doimhneacht suas le 60cm. Níos déanaí idir 7 agus 10 Aibreán bhí sneachta an-trom ann, go háirithe i limistéar Thiobraid Árann.
- 1891/92 I ngeimhreadh na bliana seo bhí sneachta níos troime ann ná mar a bhí ar taifead riamh roimhe sin. Cuireadh isteach go mór ar thrácht iarnróid i dtríú seachtain mhí Feabhra. Tuairiscíodh go raibh sneachta ann le doimhneacht de 46cm i gCorcaigh, an titim is mó ón mbliain 1855 go dtí sin.
- 1895 Thit sneachta trom i mí Feabhra, go háirithe san Iarthar agus sa Deisceart.

Le linn na 25 bliain dheireanach den 19ú haois bhí geimhrí na mblianta seo a leanas an-fhuar 1878/79, 1880/81 agus 1894/95. Thar Éirinn agus an Bhreatain bhí geimhreadh 1878/95 ar an tréimhse is fuaire agus is sneachtúla le caoga bliain (Bonacina, 1928)

### **Sneachta trom sa 20ú haois:**

- 1908: Go déanach i mí Aibreáin na bliana seo thit sneachta trom i gCúige Laighean.
- 1909/10 Tharla formhór shneachta an gheimhridh seo in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór in dhá dhianseal, an chéad cheann idir 15 agus 22 Nollaig agus an dara ceann idir 25 agus 31 Eanáir. Tuairiscíodh doimhneacht de 33cm i Sligeach i dtitim shneachta mhí na Nollag. Bhí seal mhí Eanáir níos déine fós agus bhí na contaetha i gCúige Mumhan, go háirithe Corcaigh, Ciarraí agus Clár, clúdaithe go domhain ar feadh cúpla lá.
- 1917 Tharla an titim is déine sneachta den chéad seo (agus le dhá chéad bliain is dócha) sa bhliain seo. Ar an 24 Eanáir thit méideanna móra báistí, flichshneachta agus sneachta in éineacht le gála anoir aneas i ndeisceart na hÉireann. Ag Baile an Charraigh in aice le Corcaigh b'ionann an doimhneacht (de shneachta tar éis dó leá) agus 52 mm ar an 24ú lá agus b'ionann é agus 19 mm ar an 25ú lá. Ag Seisceann b'ionann iomlán an tsneachta ar an 25ú agus an 26ú lá, tar éis dó leá, agus 47 mm d'uisce. Ar an 25ú lá, d'éirigh an ghaoth níos láidre go dtí go raibh gála ann i ndeisceart na hÉireann, tráth ar thit sneachta trom ag clúdach na talún go dtí 30 cm nó níos mó, le síobadh de 300 cm nó níos mó. Thar achar mór in Éirinn cuireadh stop le trácht iarnróid mar gheall ar an sneachta trom. Le linn na tréimhse 28 Eanáir go dtí 3 Feabhra, chuir na hÍosteochtaí cosc ar leá an tsneachta a thit an tseachtain roimh ré. Níor thit mórán níos mó sneachta le linn na seachtaine. Bhí stoirm mhór shneachta ann ar an 1 Aibreán in Oirthear an Chláir. B'ionann doimhneacht an tsneachta ar thalamh comhréidh agus 46 cm. An stoirm ba mhó de shneachta ba chuimhin le daoine, a tharla sa limistéar sin, ná an stoirm a tharla ar 19 Feabhra na bliana 1892 mar ar thit sneachta dar doimhneacht 13 cm.
- 1933 Ar an 23 Feabhra tharla lagrach beag san fheacht polach ar imeall thuaisceart na hÉireann. Ghluais an suaitheadh seo ó dheas agus d'imigh i méid. Thosaigh sneachta san iarthar ar an 23ú lá agus ghluais soir le linn an lae ar an 24ú. Ag gabháil leis an sneachta a thit ar fud na háite bhí feothan láidir gaoithe. Tuairiscíodh gur thit sneachta le doimhneacht de 30 go 60cm, le síobadh domhain. Thit an sneachta is troime sa

deisceart agus i lár na tíre. Ag 4 p.m. ar an 24ú b'ionann doimhneacht an tsneachta san Áth Leathan, Co. an Chláir, agus 30 cm áit a raibh sé leagtha síos tar éis an tsíobtha. I mBaile Haicéid, Co. an Chláir, bhí síobadh ann dar doimhneacht 300 cm.

1947

Sna míonna ag tús na bliana 1947 bhí ceann de na tréimhse is faide d'fhuacht a tharla sa chéad, agus sneachta ag titim i bhformhór na tíre ó dhéanach i mí Eanáir go dtí lár mhí Márta. Cé go rabhthas tar éis sneachtaí indibhidiúla níos troime a thuairisciú, go háirithe i mí Eanáir 1917, ní raibh aon am eile cóngarach don am ina raibh aimsir chomh fuar ann a mhair ar feadh tréimhse chomh fada. Tar éis fómhar tubaisteach sa bhliain 1946 agus síneadh a bheith curtha le ciondáiil bia agus breosla mar gheall ar an gcogadh, bhí an saol an-dian do dhaoine ar fud na tíre sa mhéid go raibh cur isteach ar shaoráidí cumarsáide agus iompair ar feadh cúpla seachtain. Faoi thús mhí Feabhra bhí daoine ag scátáil ar lochanna reoite agus lean an fuacht gan staonadh go dtí lár mhí Márta.



1947 Inneall gaile ag teacht isteach i Stáisiún Mhainistir na Búille

1951

Thit sneachta trom an 8 Márta i lár na tíre agus i limistéir san oirthear agus ina dhiaidh sin bhí tréimhse ann de ghaotha fuara anoir. Sa Mhuileann gCearr, dar leis na taifid, b'ionann doimhneacht an tsneachta agus 15cm.

1955

Bhí aershruth an-fhuar aduaidh nó anoir i réim ar fud na tíre ón 10 go dtí an 25 Feabhra agus mar thoradh tharla sealanna geimhriúla de shneachta agus tréimhsí fadaith de bhóithre clúdaithe le sioc. Bhí 10 lá i ndiaidh a chéile ina raibh sneachta ar an talamh ag Aerfort Baile Átha Cliath ón 18 go dtí an 27 Feabhra agus b'ionann an doimhneacht agus 13cm ón 22 go dtí an 25 Feabhra.

1958

Thosaigh sruth aeir aniar aduaidh ar an 19 Eanáir, a thug leis ceathanna geimhriúla, go háirithe san iarthuaisceart agus in iarthar na Mumhan. Ag Cionn Mhálanna bhí doimhneacht sneachta ann de 20cm ar an 21 Feabhra. Taifeadh doimhneacht de 17cm ag Béal an Mhuirthead ar an 24ú lá, an doimhneacht is mó a taifeadh riamh ag an stáisiún seo.

1960

Thit sneachta ar fud na tíre go minic i mí Feabhra. Ag Aerfort Bhaile Átha Cliath bhí 9 gcinn de laethanta ina raibh sneachta ar an talamh ón 11 go dtí an 19 Feabhra mar ar taifeadh doimhneacht de 11cm ar an 13 Feabhra.

1962/63

Bhí an geimhreadh seo ar cheann de na geimhrí is déine le blianta beaga anuas. Bhí geimhreadh na bliana 1963 ar cheann de na geimhrí ab fhuaire san fhichiú haois. An dara geimhreadh ab fhuaire ná 1947, mar ar thit níos mó sneachta, ach ní raibh na meánteochtaí chomh híseal. Bhí aimsir thar a bheith fuar ann timpeall na Nollag agus

lean seo ar aghaidh gan ach cúpla tréimhse ghearr níos boige go dtí lár mhí an Mhárta. Le linn na tréimhse seo ghluais gaotha anoir thar Éirinn mar thoradh ar fhrithchionclón ó Chríoch Lochlann, le lagraigh ó am go chéile ag breith leo sneachta, agus bhí roinnt den sneachta sin trom. Ar mhaidin an 31 Nollaig 1962, taifeadh doimhneacht de 45 cm sneachta ag Aeradróm Mhic Easmainn i limistéar nach raibh aon síobadh suntasach ann.



**An tSionainn ar an 3 Eanáir 1963**

- 1973 Thit sneachta ar fud na tíre le linn na tréimhse 14 go 17 Feabhra, an sneachta is troime i Lár na Tíre. Taifeadh doimhneacht de 25cm ag Cluain Eois, Co. Mhuineacháin.
- 1977/78 An geimhreadh seo bhí titim throm shneachta ann. Thit sneachta i bhformhór na tíre le linn na tréimhse 8 –20 Feabhra. An sneachta ba throime thit sé sa deisceart agus san oirdheisceart, go háirithe ar an 18 agus 19 Feabhra mar a raibh gaotha láidre ag gabháil leis an sneachta agus threisigh seo síobadh mór. Taifeadh doimhneacht de 26 cm ag Aerfort Chorcaí, an doimhneacht is mó a taifeadh riamh ag an stáisiún seo.
- 1978/79 Thit sneachta trom idir an 28 agus 31 Nollaig 1978 agus ina dhiaidh sin bhí sioc andian ann. Tháinig deireadh leis an seal fuar seo ar an 6 Eanáir ach thit sneachta breise níos déanaí le linn na míosa. Na doimhneachtaí ba mhó a taifeadh le linn na tréimhse seo taifeadh iad ag Aeradróm Mhic Easmainn - 26 cm, ag Clár Chlainne Mhuiris - 16cm agus ag Aerfort Chorcaí - 15 cm.
- 1982 An 8 Eanáir thit sneachta ar fud na tíre, an sneachta is troime san Oirthear, mar a raibh síobadh mór ann mar thoradh ar ghaotha láidre anoir. Bhí seal an-dian fuachta ann agus d’fhan an sneachta ar an talamh go dtí an 15 Eanáir. Bhí sé trom ach go háirithe i mBaile Átha Cliath. Tuairiscíodh gur thit sneachta ag formhór na stáisiún sionoptach agus an doimhneacht is mó ag na háiteanna seo a leanas: Aerfort Bhaile Átha Cliath 25 cm, Aeradróm Mhic Easmainn 16 cm agus Cill Chainnigh 16cm.





*The exceptional snow of January 1982 (Photo: scene at Rathfarnham, county Dublin, by P.A. O'Dwyer)*

1987 Thosaigh an seal seo ar an 11 Eanáir. Faoin 14ú, tuairiscíodh go raibh sneachta trom tite go háirithe san Oirthear agus i Lár na Tíre. Mar gheall ar ghaotha measraithe anoir aduaidh tharla síobadh sneachta. D'ardaigh teochtaí beagán os cionn an neamhní ar an 15ú lá agus ansin thosaigh sé ag leá. Tharla an titim is mó de shneachta sna háiteanna seo a leanas: Aerfort Bhaile Átha Cliath 19 cm; Aeradróm Mhic Easmainn 12 cm; Biorra 12cm; An Muileann gCearr 12 cm. Ag Rinn an Róistigh taifeadadh an doimhneacht ba mhó sneachta 12 cm agus íosteocht de -7.2 céim Celsius, an teocht is ísle a taifeadadh san áit sin ó tosaíodh ag glacadh taifead sa bhliain 1867.

#### **Sneachta mór ón mbliain 2000 i leith:**

- 2000 Ar an 27 Nollaig thrasnaigh lagrach éadomhain polach tuaisceart na tíre agus thug sé leis sneachta, trom in áiteanna san iarthar agus sa tuaisceart. Bhí ceathanna sneachta ann ar fud na tíre ach amháin san oirdheisceart ar an 28ú lá, agus bhí carnadh mór sneachta ann i roinnt mhaith áiteanna. Tuairiscíodh go raibh doimhneacht de 19 cm ann ag Aerfort Chnoc Mhuire.
- 2001 Thug gaotha fuara aduaidh leo sneachta ar an 26 – 28 Feabhra, agus an sneachta is troime sa tuaisceart agus sa deisceart. Taifeadadh doimhneacht sneachta de suas le 10cm san oirthear agus san iarthuaisceart – bhí 75cm de shneachta ann sna Beanna Boirche ar an 27 Feabhra.
- 2009/10 Bhí seo ar an ngeimhreadh ab fhuair ón mbliain 1962/3, le teochtaí tuairim is dhá chéim faoi bhun an mheáin. Bhí tuairim is idir 20 agus 30 lá de shneachta ann in a lán áiteanna, d'fhorhmór i bhfoirm ceathanna sneachta, ach bhí an carnadh sneachta neamhshuntasach ach amháin ar thalamh ard.

2010/11

Tar éis lár mhí na Samhna 2010, d'éirigh an aimsir níos fuairé diaidh ar ndiaidh. Faoi dheireadh na míosa bhí carnadh sneachta ann thar fhormhór na tíre, agus teochtaí an-íse ann ag gabháil leis. Ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (-8.4°C) agus ag Aeradróm Mhic Easmainn (- 9.1°C) bhí na teochtaí Samhna is íse acu ar taifead ar an 28ú lá den mhí. Lean an aimsir fhuar ag tús mhí na Nollag le flithshneachta agus sneachta, agus teochtaí lae gar don reophointe agus teochtaí oíche ag titim faoi bhun -10°C (-16°C ag Garrán an Bhatúnaigh ar an 3ú lá ). Tháinig feabhas beag ar theochtaí ar

Stáisiún	Ean.	Fea.	Mar.	Aib.	Bea.	Mei.	Iúil	Lún.	MF	DF	Sam.	Nol.	Iomlán	Tréimhse an taifeadta
----------	------	------	------	------	------	------	------	------	----	----	------	------	--------	-----------------------

feadh 5 nó 6 lá, cé go raibh sé fós fuar, ach d'éirigh sé thar a bheith fuar arís ón 16ú lá le sneachta ag tabhairt leis carnadh mór agus teochtaí Nollag nach bhfacthas a leithéidí. Taifeadadh doimhneachtaí sneachta de idir 10 agus 25 cm ag roinnt mhaith áiteanna. Ag Aeradróm Mhic Easmainn b'ionann an doimhneacht agus 27cm.



Oighear agus sneachta mar chúlach bán ar Chruach Phádraig, Co. Mhaigh Eo, ar Lá Caille 2010.

### *Aguisín 1*

#### **Meánlíon laethanta le sneachta.**


Béal an Mhuirthead	4.6	4.3	3.5	1.7	0.2	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.7	2.7	17.6	1961-2000
Biorra	4.5	3.3	2.4	1.0	0.2	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.5	2.5	14.3	1961-2000
Aeradróm Mhic Easmainn	4.6	4.4	3.2	1.4	0.2	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	0.6	2.2	16.6	1964-2000
Clár Chlainne Muiris	6.5	5.3	4.5	1.9	0.2	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	1.6	3.6	23.7	1961-1995
Cluain Eois	6.2	5.8	4.4	1.8	0.4	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	1.6	3.8	23.9	1961-2000
Aerfort Chorcaí	3.9	4.1	2.6	1.1	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.5	2.4	14.7	1962-2000
Aerfort BÁC	5.6	5.0	3.8	1.6	0.3	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	0.9	3.0	20.1	1961-2000
Cill Chainnigh	4.5	4.3	2.7	0.9	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.5	2.4	15.3	1961-2000
Cionn Mhálana	6.2	5.7	4.3	2.3	0.2	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	1.8	4.1	24.6	1961-2000
An Muileann gCearr	6.0	5.3	3.9	2.0	0.2	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	1.0	3.5	21.9	1961-2000
Ros Láir	2.3	3.1	1.6	0.7	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.2	1.1	9.0	1961-2000
Aerfort na Sionainne	3.1	2.9	1.6	0.6	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	0.3	1.5	9.9	1961-2000
Daribhre	1.3	1.4	1.0	0.4	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0	0.1	0.8	5.0	1961-2000

Meánlín laethanta de bhlianta idir thitim shneachta (cm).

Stáisiún	2 cm nó níos mó	5 cm nó níos mó	10 cm nó níos mó	15cm nó níos mó	20cm nó níos mó	Tréimhse an Taifeadta
Béal an Mhuirthead	3.9	14.8	-	-	-	1958 go 2011
Biorra	2.1	4.5	18	-	-	1955 go 2008
Aeradróm Mhic Easmainn	1.9	3.0	5	8	16	1964 go 2011
Clár Chlainne Muiris	1.4	2.3	7	-	-	1950 go 1995
Cluain Eois	1.5	2.9	6	12	18	1955 go 2008
Aerfort Chorcaí	2.4	4.5	7	13	-	1962 go 2011
Aerfort Bhaile Átha Cliath	2.0	3.3	7	9	22	1947 go 2011
Cill Chainnigh	2.6	6.4	12	17	-	1958 go 2008
Cionn Mhálana	2.8	7.9	-	-	-	1956 go 2010
An Muileann gCearr	1.5	2.6	7	-	-	1951 go 2008
Rinn an Róistigh	2.6	6.2	-	-	-	1957 go 1987
Ros Láir	4.6	12.3	13	19	-	1958 go 1994
Aerfort na Sionainne	4.8	-	-	-	-	1955 go 2011

<b>Dairbhre</b>	3.6	10.3	-	-	-	1940 go 2011
-----------------	-----	------	---	---	---	--------------

*Aguisín 2*

**Maximum Snow Depths at 100m with return period 50 years.**

Assume an increase of 4cm per 100 meters

Tagairtí

G.O. Reilly (June 1988). *Snowfall in Ireland*.

Met Éireann 2012

P.K. Rohan (1986). *The Climate of Ireland, Meteorological Service, Dublin.*

F.E. Dixon (1953). *Weather on Old Dublin, Dublin Historical Record.*

L.W.C Bonacina (1928). *Snowfall in the British Isles.*

Peter Lennon. Eagarthóir an Fheasacháin Mhíosúil Aimsire, Met Éireann.

*Snow Loading Calculations for Ireland* (March 2010), le Liam Keegan, Met Éireann.